

Cad a chiallaíonn an triantán dubh?



Tá bealach nua tugtha isteach ag an Aontas Eorpach (AE) le cógais a aithint a bhfuil monatóireacht thar a bheith dlúth á déanamh orthu.

Tá triantán dubh inbhéartaithe á léiriú ag na cógais seo ina mbileoga eolais, mar aon le habairt ghearr a deir:

▼ **"Tá an táirge cógaisíochta seo faoi réir bhreis monatóireachta."**

Déantar monatóireacht chúramach ar chógais uile tar éis a chuirtear ar mhargadh an AE iad. Mar sin féin, tá monatóireacht níos dlúithe fós á deanamh ar chógais leis an triantán dubh acu ná mar atá i gceist le cinn eile.

Go ginearálta tarlaíonn sé seo toisc go bhfuil níos lú faisnéise ar fáil ina leith i gcomparáid le cógais eile, toisc nach bhfuil siad ar an margadh mar shampla.

Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil an cógas fabhtach.

Conas fo-iarmhairtí a thuairisciú

Ba cheart aon fho-iarmhairtí amhrasta le cógas atá á thógaint agat a thuairisciú, go háirithe má tá an triantán dubh á léiriú aige.

Féadfaidh tú fo-iarmhairtí a thuairisciú chuig do dhochtúir, cógaiseoir nó altra.

Lena chois sin féadfaidh tú fo-iarmhairtí a thuairisciú díreach chuig do rialtóir náisiúnta cógas, ag baint úsáide as an gcóras tuairiscithe i do thír féin. Is féidir faisnéis i leith conas é seo a dhéanamh a fháil i mbileog eolais do chógais nó ar láithreán gréasáin an rialtóra náisiúnta cógas.

Le fo-iarmhairtí a thuairisciú, féadfaidh tú cuidiú le rialtóirí cógas a mheas cibé an mó go fóill na buntáistí atá le cógas ná a chuid rioscaí.



Cén fáth go ndéantar monatóireacht ar chógais tar éis a faomhtar iad?

Cinneann údaráis rialála Eorpacha cógais a údarú tar éis torthaí trialacha saotharlainne agus trialacha cliniciúla a mheas.

Ní féidir margaíocht a dhéanamh ach ar chógais a léirítear go bhfuil a gcuid buntáistí níos mó ná a gcuid rioscaí. Cinntíonn sé sin gur féidir le hothair rochtain a fháil ar na cóireálacha atá de dhíth orthu gan aghaidh á dtabhairt acu ar fho-iarmhairtí do-ghlactha.

Is iondúil go mbíonn líon teoranta othar, thar tréimhse ama ar leith i gcoinníollacha rialaithe, i gceist le trialacha cliniciúla.

I gcúinsí fíorshaoil, bainfidh grúpa níos mó agus níos éagsúlaí othar úsáid as an gcógas. D'fhéadfadh go mbeadh galair eile acu agus d'fhéadfadh go mbeadh cógais eile á dtógaint acu.

Tá roinnt fo-iarmhairtí nach bhfuil chomh coitianta nach dtiocfaidh chun solais go dtí go bhfuil cógas á thógaint ar feadh tréimhse fada ag líon mór daoine.

Tá sé ríthábhachtach dá réir sin go leanfar le monatóireacht ar shábháilteacht na gcógas uile fad atá siad ar an margadh.

I measc samplaí na gcógas atá faoi réir bhreis monatóireachta áirítear cógais nua arna n-údarú ó thús 2011 agus cógais a n-éilíonn rialtóirí a thuilleadh staidéir ina leith, e.g. ar úsáid fadtéarmach nó ar fho-iarmhairtí neamhchoitianta a bhfeictear i dtrialacha cliniciúla.

Tabhair cuairt ar do rialtóir náisiúnta cógas ag:

www.imb.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar

www.ema.europa.eu

